




Glaoch Oscailte

# Cónaitheacht Imbolc sa Díseart

Tá an Ionad Spioradáltacht Cheiltigh, An Díseart, ag lorg léirithe spéise ó ealaíontóirí nádúr-bhunaithe agus/nó ealaíontóirí pobal-bhunaithe, a bhfuil suim acu tabhairt faoi chlár cónaitheachta coicíse i bhfhoirgneamh agus i ngairdíní An Díseart, i nDaingean Uí Chúis.

Is é **Dé hAoine an 8 Samhain 2024** an spriocdháta chun iarratais a sheoladh isteach.

**Is é €2,500 an buiséad iomlán don chónaitheacht seo, ábhair agus taisteal san áireamh.**



# Cúlra don Cónaitheacht IMBOLC sa Díseart

Iar-chlochar de chuid na Siúracha Toirbhearta atá sa Díseart, agus tá an foirgneamh agus na gairdíní i seilbh pobal Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, faoi iontaobhas, ó 1996 i leith.

Ag croílár saothair oibre in An Dísirt, tá Séipéal an Croí Ró-Naofa - seoid Nua-Ghotach, ina bhfuil sraith an-speisialta de shé fhuinneog dhé-shoilse gloine ó láimh an ealaíontóir Harry Clarke. Spreagann spiorad na hathbheochana mar a léirigh Harry Clarke, an cur chuige oscailte, muiníneach i leith an spioráideáltacht Cheiltigh sa  Díseart. Tá an tionchar seo le sonrú sna himeachtaí ealaíne il-disciplíneacha, il-teangacha a chuirimíd ar siúl anseo go bliantúil. Táimid dírithe ar ócáidí ealaíona agus cultúra atá spreagann féin misneach, dóchas agus sláinte an phobail.

Anuas ar sin, cuirimid spás cleachtaidh agus cruinnithe ar fáil do raon leathan grúpaí cultúrtha agus sóisialta; sa Díserat tá an ceannceathrú do dhá chór agus ceolfhoireann amháin, tá scríbhneoir cónaithe sa tigh, agus óstálaimid roinnt féilte tábhachtacha pobail lena n-áirítear Féile na Bealtaine, Féile Cheoil an tSamhraidh agus Féile Litríochta an Daingin.

Lasmuigh den fhoirgneamh, tá trí gharraí daingean, spásann síochánta don bpobal i gcroílár bhaile gnóthach an Daingin. Tá na gairdíní ina dtrí chuid ar leith, iad go léir dearrtha ag an garraídóir Mary Reynolds. Tá an bhithéagsúlacht mar théama lárnach sa Ghairdín Céadfach, tá laibrint urnaí sa Ghairdín Urnaí agus tá an dearradh sa Gairdín Crann Teaghlaigh bunaithe ar pobal Chorca Dhuibhne a choimeád láidir.

I rith na bliana bíonn go leor picnicí teaghlaigh, tionóil chultúrtha,  paidreacha agus machnamh príobháideach ar siul sna gáidríní.

Ar an 1ú  Feabhra gach bliain ceiliúraimid IMBOLC sa Díseart. Cuirteas tús le séasúr an Earraigh le flúirse imeachtaí bríomhar, cruthaitheach chun na gairdíní a mhúscailt tar éis an suan fada geimhridh.

Don 1ú Feabhra 2025, tá sé beartaithe againn clár cónaitheachta gearra a fhorbairt a ligfidh d'ealaíontóir nádúr-bhunaithe iad fhéin a lonnú sa Díseart – na gairdíní agus an sean-fhoirgneamh clochair.

Táimid anois ag lorg tairiscintí ó ealaíontóirí ar mian leo cur isteach ar chónaitheacht IMBOLC ag An Díseart, Daingean Uí Chúis.



# AMLÍNE Cónaitheacht IMBOLC sa Díseart

| | |
|---|---|
| • Glaoch Oscailte eisithe: Dé Máirt 15 Deireadh Fómhair 2024 | • Spriocdháta do chur isteach tograí: Dé hAoine 8 Samhain 2024 |
| • Fógra faoi thoradh d'iarratasóirí: Dé hAoine 15 Samhain 2024 | • Tús le conradh cónaitheachta: Dé Luain 20 Eanáir 2025 |
| • Léiriu don bPobal: Dé Sathairn 1ú Feabhra 2025 | |

Fearaimíd fáilte roimh ealaíontóir a bhfuil cleachtas acu bunaithe ar eco-ealaín agus/nó a bhfuil stráitéisí pobalbhunaithe ina gcleachtas.

Beidh saothar nua ealaíne ag easgair as an cónaitheacht seo, bíodh sé ina shaothar buan nó sealadach, le cur i láthair go poiblí ar an 1ú Feabhra. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina phíosa aonair, bunaithe ar ábhair atá ar fáil sa ghairdín, tá stoc mór saileach bainte ag An Díseart, mar shampla, a bheidh ar fáil don ealaíontóir cónaithe.

Cuirimid fáilte freisin roimh thograí ina bhféadfaí an saothar ealaíne a dhéanamh trí chomhchruthú le foireann An Díseart, le cuairteoirí, nó in éineacht le cuid de na grúpaí pobail áitiúla a úsáideann an foirgneamh agus na gairdíní.

Beidh fáilte roimh ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí eile, más cuí, mar shampla ceardlanna, cainteanna do ealaíontóirí, siúlóidí treoraithe.

**Táthar ag súil go ndéanfaidh an t-iarratasóir machnamh ar ghnéithe de stair An Díseart: mná Órd na Toirbhearta a mhair agus a d'oibrigh ann idir 1829-1996 ; fuinneoga Harry Clarke agus spiorad na hathbheichana; úinéireacht an phobail sa Díseart sa tréimhse chomhaimseartha seo, ó 1996.**

Beidh an Chónaitheacht ar siúl thar coicíos ón 20ú Eanáir 2025 – 1ú Feabhra 2025. Más gá, beidh lóistín ar fáil in An Díseart le linn tréimhse na cónaitheachta. Beidh spás oibre ar fáil, le linn uaireanta oifige.



Beidh foireann An Díseart ar fáil chun tacú leis an gcónaitheacht agus chun gníomhú mar idirghabhálaithe, nuair is gá, sa chomhthéacs áitiúil.

Is féidir fiosruithe a bhaineann leis an sparánacht seo a dhéanamh chuig runai@diseart.ie

Is é €2,500 luach na dámhachtana sparánachta don Chónaitheacht seo agus íocfar é i dhá thráthchuid:

- An chéad tráthchuid: €1,500 sonraithe i seachtain a haon den chónaitheacht
- An dara tráthchuid: €1,000 sonraithe ar chríochnú na cónaitheachta agus na nithe inseachadta comhaontaithe



## Critéir Meastóireachta

Déanfar meastóireacht ar iarratais de réir na gcritéar seo a leanas:

- Iarratas soiléir agus gonta a chur isteach ag leagan amach an saothar ealaíne/gníomhaíocht molta agus amlíne na hoibre
- Cleachtas ealaíne ábhartha a bheith acu i réimse na hoibre nádúr-bhunaithe nó i réimse an chleachtais phobal bhunaithe.
- A léiriú go bhfuil tuiscint ar, agus spéis i, stair, obair agus cláir chultúrtha An Díseart.
- A léiriú go bhfuil an Ghaeilge, teanga oibre An Díseart, á cur san áireamh agus comhtháite san iarratas.
- Léiriu ar cumas am a bhainistiú agus clár cruthaitheach a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama shonraithe, theoranta agus ar bhealach gairmiúil.
- Léiriú ar cumas oibre atá díograiseach agus bunaithe ar chumarsáid maith.

**Riachtanais iarratais:**

**Ia**rrtar anois ar ealaíontóirí leasmhara iarratais a chur isteach agus ní mór dóibh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- **Litir cludaigh** - leathanach A4 amháin ar a mhéid - ag leagan amach cén fáth ar mhaith leat an chónaitheacht seo, agus conas a bhaineann do scileanna, d'eolas agus do thaithí ar leith le sonraí na cónaitheachta agus na critéir riachtanacha mar atá leagtha amach san fhógra seo.
- **An togra** atá a mholadh - leathanach A4 amháin ar a mhéad.
- Cur síos ar an gcaoi a dtabharfá faoin gcónaitheacht dá n-éireodh leat.
- **CV suas chun dáta** ag leagan amach taithí ábhartha (dhá leathanach A4 ar a mhéid)
- **Samplaí d'obair roimhe seo**. Is féidir é seo a chur isteach mar nasc chuig punann ar líne agus/nó suíomh(anna) gréasáin a thaispeánann do chuid oibre nó trí naisc chuig comhaid físe, fuaime nó íomhá atá mar chuid de do chorp oibre.

**Ní mór d'iarratasóirí iarratas iomlán amháin a chur isteach, trí ríomhphost ar nó roimh mheán oíche Dé hAoine an 8ú Samhain chuig runai@diseart.ie leis an líne ábhair: Cónaitheacht IMBOLC sa Díseart**